Seicliosta Scrúduithe do Mhic Léinn

2010-11

Oifig na Scrúduithe, OÉ Gaillimh

Scrúduithe – Amchlár Pearsanta

- ✓ Gheobhaidh gach mac léinn atá cláraithe in 2010/11 Amchlár Pearsanta do na Scrúduithe, féach ar láithreán gréasáin Oifig na Scrúduithe **http://www.nuigalway.ie/exams/**

- ✓ Tá d'amchlár do na scrúduithe bunaithe ar do Ráiteas Cláraithe, má tá scrúduithe in easnamh ó d'amchlár pearsanta, téigh i dteagmháil leis an tIonad Teachmhála do Mhicléinn, Áras Uí Chathail (10:00 go 12:30 agus 14:00 go 16:00).

Scrúduithe – Amchlár Pearsanta

- ✓ Féadfaidh tú féachaint ar d'amchlár trí úsáid a bhaint as d'Uimhir Aitheantais agus d'uimhir CASS.

Ag an Scrúdú

- ✓ Ní mór duit do **Chárta Aitheantais Ollscoile** a thabhairt leat chuig na scrúduithe ar fad.
- ✓ **Mura mbíonn do chárta Aitheantais leat, gearrfar €30 ort do dheimhniú aitheantais agus do chlárú. Gearrfar €30 ort do gach scrúdú a dhéanann tú agus nach mbíonn do chárta aitheantais agat. Níl eisceacht ar bith ann.**
- ✓ Teastaíonn Cárta Aitheantais chun aitheantas Mac Léinn a dhearbhú, téigh i dteagmháil leis an tIonad Teachmhála do Mhic Léinn má tá do chárta aitheantais caillte agat.

Ag an Scrúdú

- ✓ Bí ag an ionad Scrúdaithe 20 nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú, beidh gach duine ina s(h)uíochán féin 10 nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú.

- ✓ Ná tabhair fóin phóca ná ábhair phearsanta isteach sa scrúdú leat.
  - Má thugann tú fón póca leat, tógfar uait é.
  - Féadfaidh tú an fón a bhailiú ó Oifig na Scrúduithe i ndiaidh an scrúdaithe. Beidh fíneáil €20 le n-íoc.

Ag an Scrúdú

- ✓ Níor cheart go mbeadh nótaí ar bith scríofa ar ábhar ar bith a thugann tú isteach chuig an scrúdú, Achtanna Dlí agus áireamháin mar shampla, agus breathnóidh na feitheoirí orthu.
- ✓ Níl cead clúdaigh áireamhán a thabhairt isteach sa scrúdú.
- ✓ Ag deireadh an scrúdaithe ní mór duit fanacht i do shuíochán go dtí go mbíonn na freagarleabhair bailithe ag an bhfeitheoir.

Ag an Scrúdú

- ✓ Le do thoil, léigh Rialacha na Scrúduithe ar leathanach gréasáin Oifig na Scrúduithe.

- ✓ Má chreideann feitheoir gur sháraigh eachtra a tharla i Halla na Scrúduithe Rialacha na Scrúduithe tabharfar tuairisc do Ghrúpa Slándála na Scrúduithe agus d'fhéadfaí a iarraidh ar an mac léinn agallamh a dhéanamh leis an nGrúpa. Tá tuilleadh eolais le fáil ar leathanach gréasáin Oifig na Scrúduithe.

Tuilleadh Eolais

- Tá tuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin Oifig na Scrúduithe:

http://www.nuigalway.ie/exams/

Go n-éirí go geal leat sna scrúduithe!